



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt an Chorpoideachais sa tSraith Shóisearach

Meitheamh 2021

Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh athbhreithniú ar Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí

An Clár Ábhar

1. An Réamhrá	6
1.1 Forbhreathnú	6
1.2 An Próiseas Comhairliúcháin	6
2. Torthaí an chomhairliúcháin	8
2.1 Mian go mbeadh eispéireas Corroideachais 3 bliana níos comhsheasmhaí ag scoláirí sa tSraith Shóisearach	8
2.2 An tábhacht atá le solúbthacht agus le saoirse	14
2.3 Na mianta éagsúla maidir le toradh an Chorroideachais, a bhíonn in iomaíocht lena chéile	16
2.4 Tacú le heispéireas an Chorroideachais	20
3. Conclúid	25
Aguisín 1	27
Aighneachtaí scríofa	27

1. An Réamhrá

1.1 Forbhreathnú

Tugadh faoin gcomhairliúchán maidir leis an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt an Chorpoideachais sa tSraith Shóisearach ón 14^ú Eanáir chuig an 12^ú Feabhra, 2021. Tugadh cúlra agus comhthéacs sa pháipéar seo le haghaidh forbairt cúrsa 135 uair an chloig (ar a laghad) do Chorpoideachas na sraithe sóisearaí. Cuimsíodh athbhreithniú ar na léargais luatha ar chur i bhfeidhm ghearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí, a d'fhorbair CNCM, sa pháipéar agus cuireadh críoch leis an bpáipéar le treoir mholta d'athfhorbairt shonraíocht Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí.

Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí an phobail a lorg maidir leis na gnéithe a threoródh athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Chorpoidéachas na Sraithe Sóisearaí.

Díríodh an comhairliúchán ar na réimsí seo a leanas:

- Curaclam Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí
- Eispéireas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí
- Ceisteanna maidir le sonraíocht Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí.

1.2 An Próiseas Comhairliúcháin

Cuireadh aiseolas maidir leis an gcomhairliúchán ar fáil trí shuirbhé ar líne, trí aighneachtaí i scríbhinn agus trí phlé fócasghrúpa ar líne a éascaíodh chun tacú le rannpháirtíocht scoláirí.

Fuarthas 226 freagra ar an suirbhé ar líne agus naoi n-aighneacht i scríbhinn (féach Aghuisín 1 le haghaidh liosta na n-eagraíochtaí). Astu siúd a d'fhreagair an suirbhé ar líne, chuir 209 acu in iúl gur múinteoirí Corpoideachais iad. Chuir an 17 eile in iúl gur príomhoidí, oideoirí múinteoirí, múinteoirí nach múineann Corpoideachas, scoláirí tríú leibhéal nó scoláirí dara leibhéal iad. Cuireadh fócasghrúpaí na scoláirí ar bun le scoláirí i dtrí scoil trí ardán ar líne, ar mhaithe le bheith ag cloí le treoirlínte sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm nuair a cuireadh an comhairliúchán ar bun. Chuir na scoileanna a ghlac páirt

léargais ó shuímh a bhí scaipthe go tíreolaíoch, ó shuímh a bhí cothrom ó thaobh ionadaíocht inscne de agus i gcás amháin ó shuíomh Gaelscoile ar fáil.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar an anailís a rinneadh ar dhearcthaí a cuireadh in iúl maidir leis an gcáipéis eolais sa suirbhé ar líne, in aighneachtaí i scríbhinn agus i bhfócasghrúpaí na scoláirí.

2. Torthaí an chomhairliúcháin

Ar an iomlán, bhí dearcadh dearfach ag freagróirí maidir leis an gCáipéis Eolais. Tháinig na téamaí seo thíos chun cinn i ndiaidh anailís a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh:

- Mian go mbeadh eispéireas leanúnach 3 bliana mar chuid d'eispéireas Corroideachais na Sraithe Sóisearaí.
- An tábhacht atá le solúbthacht agus féinriail a choinneáil.
- Na mianta éagsúla maidir le toradh an Chorroideachais, a bhíonn in iomaíocht lena chéile
- An tslí is fearr chun tacú le heispéireas an Chorroideachais.

Fiosrófar na ceithre théama seo níos mó sna codanna a leanas, agus úsáidfear athfhriotal ón lucht freagartha, de réir mar a oireann, chun na tuairimí atá á nochtadh a léiriú agus a shoiléiriú.

2.1 Mian go mbeadh eispéireas Corroideachais 3 bliana níos comhsheasmhaí ag scoláirí sa tSraith Shóisearach

Ceann de na príomhthéamaí a eascraíonn ón gcomhairliúchán ná an mhian atá ann go bhforbrófaí sonraíocht churaclaim amháin, a chuirfeadh bunús ar fáil le haghaidh planáil churaclaim sna scoileanna, seachas an réimse roghanna atá ar fáil do scoileanna faoi láthair. Caithfidh scoileanna dáileadh ama 135 uair an chloig ar a laghad a chur ar fáil agus iad scaipthe amach thar trí bliana na Sraithe Sóisearaí. I láthair na huaire, tá ceithre rogha ar fáil chun bonn eolais a chur faoi sholáthar an Chorroideachais sa tSraith Shóisearach.

Bhí téama an leanúnachais chun cinn go mór le linn an chomhairliúcháin. Léirigh na torthaí mian go mbeadh leanúnachas ann i dtaobh planáil churaclaim agus i dtaobh ionchais foghlama. I dtéarmaí planáil churaclaim, leag múinteoirí béim ar a mian aon churaclam amháin a bheith ann le haghaidh na dtrí bliana in ionad roghanna curaclaim éagsúla, ar mhaithe le cabhrú leo ina gcuid planála. Tháinig tacaíocht láidir chun cinn maidir le Corroideachas a ailíniú le sonraíochtaí eile na sraithe sóisearaí, is é sin le rá, sonraíocht trí bliana a bheith ann a leagann síos an fhoghlaim riachtanach don Chorroideachas agus í a bheith ailínithe le struchtúr sonraíochtaí eile na sraithe sóisearaí.

Léirigh múinteoirí agus scoláirí mian go mbeadh leanúnachas i dtéarmaí ionchais foghlama, ionas go ndíreofaí ar scoláirí a bheith ag forbairt bonn eolais agus taithí chomóna beag beann ar an scoil ar a mbeidís ag freastal.

I láthair na huaire, tá 4 rogha curaclaim ar fáil do Mhúinteoirí Corpoideachais, do Bhoird Bainistíochta agus do scoláirí. Cuireann sé seo mearbhall ar scoláirí... Fáiltimidne mar Fheidhmeannas roimh aon rogha staidéir amháin a bheith ar fail don Scoláire... Braithimid gur clár é an Clár Corpoideachais 135 uair an chloig ba cheart a mhúineadh thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. An toradh a bheadh air seo ná go mbeadh plean soiléir a mbeadh smaoineamh ceart déanta air á chruthú ag Múinteoirí agus ag Ranna Corpoideachais. Ní fháilteimis roimh Chlár Corpoideachais a chruthú don Chéad Bliain a d'aistreadh isteach ina Ghearrchúrsa Corpoideachais don Dara agus don Tríú Bliain. – Cumann Corpoideachais na hÉireann (PEAI) aighneacht i scríbhinn.

Aontaíodh go forleathan gur chuimsigh an fhoghlaim a cuireadh ar fáil i Siollabas na Sraithe Sóisearaí (2003) agus i ngearrchúrsa CNCM (2016) araon an méid a aithnítear mar fhoghlaim riachtanach sa chorpoidéachas, bíodh agus gur cuireadh fadhbanna ar leith in iúl.

Leag na freagraí béim ar chomhthéacs na scoile aonair mar an ghné is mó a raibh tionchar aige ar eispéireas foghlama dearfach sa chorpoidéachas. Chuir cineál na roghanna curaclaim sa tSraith Shóisearach ar chumas scoileanna eispéiris foghlama fiúntacha ábhartha a forbairt. Mar sin féin, nocht freagróirí tuairim go mbraitheann an t-eispéireas go mór ar spreagadh agus ar shaineolas an mhúinteora. Chuir freagróirí in iúl chomh maith gur imríodh tionchar diúltach ar eispéiris scoláirí nuair nach raibh tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí. San áit nach raibh tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí laghdáíodh eispéireas na scoláirí go mór. Bhí fáil ar acmhainní agus ar FGL i measc na dtacaíochtaí a luadh. I gcodarsnacht leis seo, thug freagróirí le fios go raibh tionchar dearfach ag cultúr tacúil scoile, a chuireann luach leis an gcorpoidéachas agus a chuireann é chun cinn, ar eispéiris na scoláirí. Glacadh le heaspa leanúnachais i leith ionchais, de bharr na roghanna sa tSraith Shóisearach, mar ghné a raibh tionchar diúltach aige ar eispéiris Chorpoidéachais na Sraithe Sóisearaí, i gcás múinteoirí agus scoláirí araon.

Tá sé dodhéanta tagairt iomlán a dhéanamh ar an méid a chuimsíonn an gearrchúrsa corpoideachais de bharr go raibh a fhorbairt, a rolladh amach agus a sheachadadh ina phraiseach ó thús go deireadh. Bhí sé éiginnte, míshoiléir agus deacair a thuiscint de bharr dhá rogha a bheith ar fáil (cuireadh leis seo ina dhiaidh sa tslí go raibh ceithre rogha ann). – Múinteoir Corpoideachais

Braitheann taithí na scoláirí ar Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí go mór ar chomhthéacs na scoile; ar na hacmhainní agus ar na háiseanna atá ar fáil. – Múinteoir Corpoideachais

Sa bhliain 2020 lean 640 scoil siollabas 2003 i gcomparáid le 90 scoil a d'úsáid gearrchúrsa CNCM. Bhí an t-aiseolas ó mhúinteoirí maidir leis an dá rogha dearfach den chuid is mó, mar a léirítear leis na hathfhriotail thíos. Bíodh sin amhlaidh, ba cheart an líon íseal scoileanna a chuaigh i ngleic leis an ngearrchúrsa a thabhairt faoi deara.

Clár iontach ab ea Curaclam Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí (2003) a rinne caighdeánú ar, agus a d'ardaigh caighdeán an chorpoideachais in Éirinn. Maidir leis an leagan amach, is léir nach gcloíonn sé leis an gcur chuige bunaithe ar thorthaí foghlama ar glacadh leis sa chóras oideachais, mar sin is gá nuashonrú a dhéanamh air. – Oideoir Múinteoirí

Cuireadh fáilte roimh churaclam an ggearrchúrsa mar athrú agus chuir sé deis ar fáil do mhúinteoirí agus do ranna athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid cleachtas agus chuir sé dúshlán rompu an scoláire a chur i gceartlár an eispéiris. – Múinteoir Corpoideachais

Braithim go bhfuil gnéithe de churaclam Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí atá oiriúnach i dtaobh eispéiris foghlama ar ardchaighdeán do scoláirí ach nach n-ailíníonn leis an gCreat reatha don tSraith Shóisearach - cumasaíonn an rogha de réimsí gníomhaíochta go leor raoin chun clár fairsing agus cothrom a chruthú ach ní leor an bhéim atá ar mheasúnú agus ar thuairisciú, rudaí atá fíorthábhachtach lena chinntiú go mbíonn leanúnachas in eispéireas an scoláire i ngach scoil do gach scoláire. – Múinteoir Corpoideachais

Measadh gur chuir gearrchúrsa CNCM athrú béime ar fáil ó chur chuige scilbhunaithe chuig cur chuige níos iomlánaíche, bhí dearcadh dearfach acu siúd a ghlac páirt sa chomhairliúchán i leith an athraithe seo.

Tá Siollabas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí (2003) níos dírithe ar spóirt/gníomhaíochtaí san áit go gcuireann an Gearrchúrsa Corpoideachais don tSraith Shóisearach nua eispéireas foghlama ar ardchaighdeán ar fáil trí chur chuige níos iomlánaíche a chur ar fáil agus tugann sé saoirse do mhúinteoirí clár a dhearadh a d'oirfeadh do scoláirí ina gcomhthéacsanna féin. – Múinteoir Corpoideachais

Thuairiscigh an comhairliúchán go raibh drogall ar go leor múinteoirí an gearrchúrsa a chur i bhfeidhm ina iomláine. Tháinig fianaise chun cinn a léirigh cur chuige measctha inar úsáideadh Siollabas na Sraithe Sóisearaí agus an gearrchúrsa araon.

Faoi láthair, leanann na scoláirí na 7 snáithe ó churaclam 2003 agus úsáidtear na torthaí foghlama agus na modhanna measúnaithe ón ngearrchúrsa Corpoideachais. – Múinteoir Corpoideachais

Braithim go gcuireann an Gearrchúrsa Corpoideachais Nua an iomarca srianta orm. Ní rogha é a bhí oiriúnach dár scoil de bharr nach raibh go leor éagsúlachta ann. Cuireann cúrsa 2003 níos mó éagsúlachta ar fáil ach mar sin féin tá sé sean agus tá a ré caite. Chun freastal a dhéanamh ar na scoláirí caithfidh siad réimse fairsing de ghníomhaíochtaí a bheith acu chun a gcuid spéis a chothú iontu. – Múinteoir Corpoideachais

Cuirimid siollabas 2003 ar fáil do gach scoláire faoi láthair agus is rogha bhreise é an Gearrchúrsa. Creidimid gur meascán den dá chúrsa an rogha is fearr. – Múinteoir Corpoideachais

Bíodh agus gur tugadh suntas do ghnéithe dearfacha den chur chuige measctha seo, bhí braistint frustrachais ann i dtaca le heaspa aitheantais nó de struchtúr foirmeálta le haghaidh tuairisciú lasmuigh den ghearrchúrsa.

An dainséir a bhaineann le scoileanna a bheith ag leanúint de bheith ag roghnú agus ag seachadadh an churaclaim seo gan modh oibre measúnaithe agus tuairiscithe láraithe, struchtúrtha, ábhartha agus oiriúnach, ná go mbeidh eispéiris foghlama agus measúnaithe iomlán difriúil ag brath ar an scoil a bhfreastalaíonn an scoláire uirthi, fiú nuair is é an réimse gníomhaíochta céanna a bhíonn i gceist. – Múinteoir Corroideachais

Léiríonn an t-aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil gá le solúbthacht i dtéarmaí soláthar curaclaim, fiosrófar é seo níos déanaí sa tuarascáil seo ach tá mian shoiléir ann go mbeadh bonn bunúsach eolais agus taithí leanúnach ann, pé suíomh atá i gceist. Ba théama athfhillteach é seo sa chomhairliúchán seo síos tríd. Leag freagróirí béim ar thábhacht curaclam corroideachais fairsing agus cothrom, a éascaíonn múineadh eolais agus scileanna riachtanacha le haghaidh gach scoláire. Luaigh freagróirí an chomhairliúcháin ailíniú curaclaim idir an clár Corroideachais, an Creat don tSraith Shóisearach agus treoirlínte Folláine ina riachtanas.

...bhí sé dochosanta réimse de roghanna curaclaim a chur ar fáil lena n-áireofaí rogha a bhí ann roimh an gCreat agus cuirtear fáilte mór roimh fhorbairt na sonraíochta 135 uair an chloig seo don Chorroideachas. Tháinig iarratas láidir ó chomhghleacaithe Corroideachais na Sraithe Sóisearaí le linn chur le chéile na haighneachta seo, go mbeadh sonraíocht 135 uair an chloig ar an aon cháipéis amháin sa chóras a bheadh mar bhunús pleanála le haghaidh chlár Corroideachais na Sraithe Sóisearaí – An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), aighneacht i scríbhinn

Cé go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an tsolúbthacht ag scoileanna chun clár Corroideachais a dhearadh, ba cheart go mbeadh treoirlínte agus riachtanais soiléire ann chun go gcoimeádfaí caighdeán ard i measc na gclár ar fad. – Múinteoir Corroideachais

Baineann daoine an-taitneamh as rudaí nua a fhoghlaim agus braitheann siad go bhfuil rud éigean bainte amach acu má dhéanann siad iarracht rud nua a dhéanamh sa rang Corroideachais. – Comhairliúchán ghuth an scoláire

Tá gníomhaíochtaí neartaíthe foirniúlachta agus [obair] grúpa an-tábhachtach, go háirithe do dhaltaí sa chéad, dara agus tríú bliain...cabhraíonn neartú foirniúlachta chun an Corpoideachas a dhéanamh níos fearr le haghaidh gach aon duine, bíonn gach aon duine níos cairdiúla agus comhoibríonn siad lena chéile. – Comhairliúchán guth an scoláire

Thuairiscigh freagróirí mian go mbeadh eispéireas níos comhsheasmhaí ann don scoláire sa tsraith shóisearach.

Tá gá le méid áirithe saoirse, ach bheadh breis ailínithe idir scoileanna i bhfad níos fearr. Is fusa a neadófar cur chuige atá comónta den chuid is mó i measc scoileanna sa chleachtas agus beidh aitheantas níos fearr ag an gclár agus é á úsáid ar fud na tíre – Múinteoir Corpoideachais

Tá 4 rogha curaclaim ar féidir staidéar a dhéanamh orthu i gCorpoideachas na Sraithe Sóisearaí ar fáil don scoláire faoi láthair, rud a chruthaigh go leor mearbhaill i measc phobal an Chorpoideachais. Mothaím go bhféadfadh deis a bheith ann tabhairt faoi chlár Corpoideachais 135 uair an chloig a chruthú don tSraith Shóisearach le haghaidh gach scoláire a chuirfeadh na codanna is fearr ó churaclam Corpoideachais 2003 agus ó Ghearrchúrsa Corpoideachais 2016 san áireamh. – Múinteoir Corpoideachais.

D'fhág an neamhchinnteacht faoin tslí a luíonn an Corpoideachas isteach le Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí gur íosluach a chuir scoláirí agus múinteoirí le MRBanna agus le Corpoideachas sa tSraith Shóisearach. Is gá é seo a athrú má táthar ag súil le go mbeidh rath ar aon sonraíocht nua – Mhúinteoir Corpoideachais

De bharr na solúbthachta agus na saoirse a bhaineann le planáil an ábhair, féadfaidh eispéiris an scoláire a bheith an-difriúil i scoileanna éagsúla; fiú laistigh den aon scoil amháin i ranganna éagsúla, ag brath ar chur chuige an mhúinteora. Bíodh agus gur dóigh liom go bhfuil gá le saoirse agus le solúbthacht - ba cheart go mbeadh roinnt treoirlínte daingne ann maidir le torthaí ar gá iad a bhaint amach. An dóigh a gcuirtear an t-ábhar ar fáil 'píosa ar pháosa' mar a léiríodh, agus mar a d'fhág sé seo gur ábhar den '2ú haicme' é i roinnt scoileanna. Is dóigh liom n-eascróidh

aontas agus soiléireacht as treoirlínte soiléire maidir leis an méid is gá a chlúdach agus as a chinntiú go gcomhlíonann GACH scoil sa tír na caighdeáin chéanna seo, agus mar sin, cuirfead le próifíl an ábhair. – Múinteoir Corpoideachais

Léiríonn na ráitis seo dhá phointe aiseolais a thagann aníos arís agus arís atá fite fuaite síos tríd an gcomhairliúchán: tá buntáistí sonracha le baint amach trí shoiléireacht maidir le hionchais foghlama sa Chorpoideachas a chur ar fáil, agus ba cheart go ndíreodh sé seo ar bhonn fairsing cothrom eolais agus scileanna a fhorbairt le haghaidh an scoláire sa tSraith Shóisearach.

2.2 An tábhacht atá le solúbthacht agus le saoirse

Aithníodh an leibhéal ard solúbthachta agus saoirse a cuireadh ar fáil do scoileanna sna forálacha atá ann faoi láthair agus tuairiscíodh gur tábhachtach an tsaoirse agus an tsolúbthacht a choimeád. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a léiríodh thuas, gur gá cothromaíocht idir solúbthacht agus leanúnachas a bhaint amach.

Is gá solúbthacht maidir le gníomhaíochtaí, torthaí foghlama agus oideolaíochtaí a roghnú a choimeád. Trí seo a dhéanamh, is gá a chur san áireamh gur gá an cosán foghlama ilchineálach inar féidir le scoláirí éagsúla na torthaí foghlama a bhaint amach ag amanna difriúla, le gníomhaíochtaí agus le hinniúlachtaí difriúla a chur san áireamh sa leibhéal struchtúir a chuirtear i bhfeidhm – Physical Education, Physical Activity, and Youth Sport Research Centre (PEPAYS) aighneacht scríofa

Is gá don tsonraíocht nua soiléireacht a chur ar fáil maidir leis na cuspóirí ar mhaith linn go mbainfeadh ár gcuid scoláirí iad amach i gcaitheamh na 3 bliana - agus saoirse á tabhairt don scoil chun na scileanna seo a éascú sa tslí is fearr a oireann dá comhthéacs féin. – Múinteoir Corpoideachais

[i dtaca leis an tábhacht a bhaineann le go leor roghanna a bheith ar fáil] Tá roinnt daoine níos fearr ag an gcispheil ná mar atá siad ag an sacar agus ní gach duine a bheidh go maith ag an spórt a imríonn tú féin, agus is gá duit deis a thabhairt dóibh, tuigeann tú féin, é sin a dhéanamh chomh maith – Comhairliúchán ghuth an scoláire

Arís is arís eile le linn an chomhairliúcháin, cuireadh in iúl an tábhacht a bhaineann le solúbthacht a chur ar fáil do mhúinteoirí chun eispéiris teagaisc agus foghlama a fhorbróidh tuiscint dhomhain agus chuimsitheach ar an gcorpoideachas a dhearadh. I measc na gcúiseanna a luadh maidir leis an bhfáth a raibh sé tábhachtach solúbthacht a thabhairt do mhúinteoirí chun eispéiris teagaisc agus foghlama a dhearadh, luadh: ionchuimsiú gach foghlaimeora a chinntiú; an t-eispéireas a chur in oiriúint don ghrúpa scoláirí; pleanáil a bhaineann le comhthéacs ar leith; ionchur an scoláire a fhorbairt; tacú le naisc leis an bpobal; agus rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil sa ghníomhaíocht choirp, chomh maith leis an gcumas struchtúir measúnaithe ábhartha agus fiúntacha a fhorbairt.

Trí roghanna a chur san áireamh, méadófar an tacaíocht ó mhúinteoirí agus cruthófar curaclam Corpoideachais inrochtana. – Irish Physical Activity Research Collaboration (IPARC) aighneacht i scríbhinn

Ba cheart pé ábhar a chumasaíonn fairsinge agus cothromaíocht, saoirse, taithí agus forbairt inniúlachta agus muiníne a chur san áireamh - agus beidh éagsúlacht i scoileanna difriúla maidir leis an ábhar a bhainfidh an méid seo amach - mar sin ní féidir leis a bheith ródhíríte ar an ábhar seachas a rá gur cheart fairsinge agus cothromaíocht (gníomhaíochtaí aonair, gníomhaíochtaí foirne, gníomhaíochtaí iomaíocha, gníomhaíochtaí comhoibreacha, gníomhaíochtaí aeistéitiúla, gníomhaíochtaí laistigh, gníomhaíochtaí lasmuigh srl.). – Múinteoir Corpoideachais.

Tacaíodh leis na torthaí seo sa suirbhé ar líne sna freagraí ar cheisteanna a mheas leibhéal aontaithe na bhfreagróirí maidir le ráitis a bhain le gnéithe is gá a chur san áireamh agus bonn eolais á chur faoi fhorbairt sonraíochta nua. D'aontaigh 77.7% go láidir agus d'aontaigh 20.5% leis an ráiteas, *Ba cheart sonraíocht Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí a bheith solúbtha agus ionchuimsitheach chun freastal ar raon de chomhthéacsanna scoile.* Agus iad ag freagairt don ráiteas, *Ba cheart go soláthródh sonraíocht Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí solúbthacht do scoileanna chun cláir Chorroideachais a dhearadh bunaithe ar áiseanna áitiúla agus ar an taithí a bhí acu go dtí seo,* D'aontaigh 69.5% go láidir agus d'aontaigh 27.3%.

Cur chuige é solúbthacht a chur ar fáil do scoileanna chun a gcláir féin a dhearadh a bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis. Ba cheart an deis a thabhairt do scoileanna clár atá dírithe ar a gcomhthéacsanna, a scoláirí agus a n-áiseanna féin a aistriú, ach caithfear tacú leis seo trí thacaíocht, struchtúir agus treoir oiriúnach a chur ar fáil – Oideoir Múinteoirí

Cuir struchtúr soiléir ar fáil agus leag amach dul chun cinn na foghlama don chéad, dara agus tríú bliain den tSraith Shóisearach - is dóigh liom gur cheart go mbeadh solúbthacht ag múinteoirí clár a chur ar fáil agus gníomhaíochtaí a sheachadadh ag am a oireann dóibh le linn na 3 bliana – Múinteoir Corpoideachais

Tháinig mian chun cinn sa chomhairliúchán go mbeadh cur chuige solúbtha ann chun tacú le scoileanna ina gcuid pleanála sa chomhthéacs acu féin a chinntíonn leanúnachas maidir le caighdeán, le heolas agus le scileanna i gclár na Sraithe Sóisearaí.

2.3 Na mianta éagsúla maidir le toradh an Chorpoideachais, a bhíonn in iomaíocht lena chéile

Tháinig mianta éagsúla maidir le toradh an Chorpoideachais, mianta atá in iomaíocht lena chéile, chun cinn le linn an chomhairliúcháin. Bhraith roinnt freagróirí gur cheart díriú ar an tsláinte mar thoradh príomha sa Chorpoideachas, bhí roinnt a bhraith gur cheart díriú ar an bhfolláine agus ar an meabhairshláinte go príomha agus bhí roinnt den tuairim gur cheart díriú ar an spórt go príomha. Aontaíodh go forleathan gur cheart béim ar leith a leagan sa Chorpoideachas ar fhorbairt iomlánaíoch an duine óig. Bhí foghlaim ar feadh an tsaoil, cur chun cinn na folláine, saol sláintiúil a chaitheamh agus rannpháirtíocht sa spórt le feiceáil go sonrach mar théamaí i ngach réimse den chomhairliúchán.

Is é cur chun cinn na gníomhaíochta coirp is tábhachtaí do dhaoine óga, léiríonn go leor taighde an tábhacht a bhaineann leis seo. Ba cheart go mbeadh béim mhór air seo agus ba cheart go bhfreagródh an measúnú dó seo. – Múinteoir Corpoideachais

Bíonn roinnt múinteoirí níos dírithe ar scoláirí a bheith gníomhach in aon slí ar aon chor, rud atá go maith nuair a chuirtear san áireamh nach sroicheann go leor acu na leibhéil gníomhaíochta a leagtar amach i dtreoirínte na hEagraíochta Domhanda

Sláinte. Bíonn múinteoirí eile níos dírithe ar fhorbairt chognaíoch, shícealuaille agus mhothaitheach a bhfuil buntáistí ag baint léi chomh maith, dar ndóigh. – Múinteoir Corpoideachais

...creidimid san fholláine mar fhealsúnacht teagaisc agus foghlama. Bíodh an caidreamh idir foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire agus folláine an scoláire soiléir sa tsonraíocht – Physical Education, Physical Activity, and Youth Sport Research Centre (PEPAYS) aighneacht i scríbhinn.

Creidimid gur cheart go gcuirfeadh cur chuige bunaithe ar thorthaí a chothaíonn litearthacht fhisiciúil bonn eolais faoi fhorbairt Churaclaim nua na Sraithe Sóisearaí. Tugann Spórt Éireann le fios chomh maith gur cheart don churaclam a bheith dírithe ar eitic agus luachanna a chur ina luí ar pháistí trí chothromaíocht, ionracas, freagracht agus meas a mhúineadh, toisc gurb iad sin is mó a imríonn tionchar ar rannpháirtíocht daoine sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil. – Spórt Éireann aighneacht i scríbhinn.

Aontaíodh go forleathan sna torthaí gur cheart go dtacódh an Corpoideachas le daoine óga scileanna agus eolas a fhorbairt a bhaineann le rannpháirtíocht ionchuimsitheach, fheasach agus mharthanach sa ghníomhaíocht choirp.

‘Snáithe gníomhaíochta ar feadh an tsaoil’ nó torthaí foghlama bunaithe ar ghníomhaíocht ar feadh an tsaoil nó meabhairshláinte/folláine mhothúchán a thabhairt isteach agus go roghnaíonn scoláirí agus múinteoirí na gníomhaíochtaí trínar mhaith leo tabhairt faoi na torthaí foghlama sin - snáithe folláine atá dírithe go sonrach ar an gcorpoideachas... Is iontach an rud é focail ar nós léirthuiscint ar ghníomhaíocht choirp, gníomhaíocht fhiúntach, spreagadh, taitneamh agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fheiceáil sa doiciméad eolais toisc go n-ailíníonn siad seo le forbairt folláine dearfaí. – Physical Education Teacher Education Ireland (PETE) aighneacht i scríbhinn.

Cur i gcás folláine intinne... má bhíonn cluiche sacair á imirt agat, glanann sé d'intinn agus cabhraíonn sé leat díriú air sin seachas aon rud eile – Comhairliúchán ghuth an scoláire

Luadh sna freagraí an ról tábhachtach a baineann le nasc a dhéanamh leis an bpobal agus conair i dtreo na gníomhaíochta coirp agus na rannpháirtíochta sa spórt a fhorbairt lasmuigh den Chorpoideachas.

Agus litearthacht fhisiciúil á forbairt, ba cheart do Churaclam Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí na scileanna, an spreagadh agus na tacaíochtaí a chur ar fáil don pháiste chun teacht ar, teagmháil a dhéanamh le agus dul i ngleic le réimse de dheiseanna spóirt agus gníomhaíochtaí coirp pobalbhunaithe tar éis na scoile. – Spórt Éireann aighneacht i scríbhinn

[Chun acmhainneacht i dtaca le foghlaim ar feadh an tsaoil, taitneamh agus rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp a spreagadh]... Deiseanna a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí/oideolaíochtaí ina mbíonn an scoláire lánach - an scoláire a spreagadh le bheith níos ionchuimsithe... nascadh leis an bpobal - dúshlán a chur roimh scoláirí nasc a chruthú le haiseanna áitiúla in áit an mhúinteora – Múinteoirí Corpoideachais MGO aighneacht i scríbhinn

[Maidir leis na gnéithe a dhéanann gníomhaíocht choirp níos taitneamhaí] tábhachtach do chairde a bheith timpeall ort agus corpoideachas ar bun agat – Comhairliúchán le scoláirí ar líne.

[Maidir leis an gcúis ar fearr fios a bheith acu cén fáth a bhfuil rudaí ar leith á ndéanamh acu] Is féidir go dtabharfadh sé léargas duit ar an luail agus ar an gcúis a bhfuil an luail á déanamh agat, agus na rudaí a oibríonn dá ndéanfá spórt lasmuigh den scoil

Aibhsíodh san aiseolas ón gcomhairliúchán gur féidir cur chuige iomlánaíoch maidir leis an gCorpoideachas ról tábhachtach a imirt i dtaca le rátaí gníomhaíochta coirp a mhéadú i measc daoine óga agus i dtaca le sláinte agus folláine a chur chun cinn sa sochaí.

Chomh maith le caomhnú na dea-shláinte, tá buntús na heitice agus luachanna agus múineadh na cothroime, an ionracaís, na freagrachta agus an mheasa i measc na bpríomhthionchar a bhíonn ag rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil sa spórt agus sa

ghníomhaíocht choirp – Irish Physical Activity Research Collaboration (IPARC)
aighneacht i scríbhinn

Ba cheart go mbeadh leanúnachas ann idir an tsonraíocht agus Corpoideachas na Sraithe Sinsearaí agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta agus, san am céanna, í ag dul i ngleic le Ráitis Foghlama agus Táscairí Folláine na Sraithe Sóisearaí. Ba cheart go mbeadh anailís luaile, smaointeoireacht, leagan síos spriocanna agus obair thionscnaimh/phunainne san áireamh ar na príomhghnéithe. – Múinteoir Corpoideachais

Cuireadh tacaíocht láidir in iúl maidir lena chinntiú go gcoimeádfaí an ghné ghníomhach nó ‘fisiúil’ den Chorpoideachas agus go neartófaí í, dá mba fhéidir é. Fáiltíodh roimh bhonn eolais teoriciúil ach nach mbeadh laghdú ar an méid ama a bhíonn ag daoine óga le bheith gníomhach go fisiúil mar thoradh air. Cuireadh tuairimí ar son chur i bhfeidhm praiticiúil an bhoinn eolais teorice in iúl. Thagair líon beag freagraí don mhian gnéithe bunaithe ar theoric a bheith san áireamh sa tSraith Shóisearach.

Dírú ar luail agus ar fhoghlaim tríd an luail. Tá bonn teorice ann pé scéal é. Níor mhaith liom go mbeadh am luachmhar á chur i dtreo na teorice. Ba cheart go gcoimeádfaí béim ar eispéiris foghlama a bhaineann le gníomhaíocht choirp. Tá níos mó ama ag teastáil uainn chun gur féidir linn cláir níos fearr a sheachadadh – Múinteoir Corpoideachais

Is é a bhraithimse, más mian leat tabhairt faoin gCorpoideachas i mblianta na hardteistiméireachta, go gcaithfidh tú roinnt stuif a fhoghlaim ach braithim gur cheart go mbeadh na blianta sóisearacha bunaithe ar spraoi a bhaint as seachas foghlaim. Is dóigh liom go spreagfadh sé daoine chun taitneamh níos mó a bhaint as an aclaíocht agus as an gCorpoideachas mura gcaithfimid carn stuif a bhreacadh síos – Comhairliúchán ghuth an scoláire

[maidir le bonn eolais teoriciúil] tá sé ar nós ‘ar chúl stáitse’ den mhéid a dhéanann tú amuigh [taithí phraiticiúil] mar sin is maith an rud é fios a bheith agat cad atá ag tarlú agus tú ag déanamh gníomhaíochta amuigh [taithí phraiticiúil]... is maith an rud é

foghlaim faoin méid atá ag tarlú le do mhatáin agus faoin méid atá ag tarlú agus tú ag déanamh gníomhaíochta amuigh – Comhairliúchán ghuth an scoláire

2.4 Tacú le heispéireas an Chorpoideachais

Tuairiscíodh go raibh áiseanna agus acmhainní, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), dáileadh ama, ról TFC agus tacú le haistrithe araon riachtanach d'eispéireas an Chorpoideachais.

Cuireadh béim sna freagraí ar an tábhacht a bhain lena chinntiú go raibh fáil ag gach scoil ar na hacmhainní agus na háiseanna cuí. Luadh an difríocht idir na hacmhainní a bhí ar fáil i measc scoileanna éagsúla agus leagadh béim ar chothroime deiseanna agus eispéiris.

Míchothroime maidir le háiseanna i scoileanna a chuireann bac mór ar an leanúnachas. Oibrím i scoil a bhfuil dhá chúirt lasmuigh aici agus cnoc ann mar spás glas agus seomra ranga mór le haghaidh gleacaíochta agus rince. D'fhéadfadh an mhíchothroime seo bac a chur ar chruthaitheacht agus ar an réimse d'eispéiris éagsúla – Múinteoir Corpoideachais

Bíonn tionchar mór ag áiseanna ar an gclár a bhíonn agat agus i gcás roinnt againn nach mbeidh halla Corpoideachais againn sa todhchaí, tá sé an-deacair a chinntiú go mbeidh Corpoideachas taitneamhach agus suimiúil – Múinteoir Corpoideachais

Tuairiscíodh an ról atá ag FGL i dtaobh tacú leis an gcuraclam. Cuireadh tuairimí maidir le struchtúir riachtanacha le tacú le pleanáil churaclaim, gnóthachtáil ionchais agus ionchur an mhúinteora in iúl. Tuairiscíodh go raibh tábhacht ollmhór ag baint le cuir chuige sonracha ar nós tacú le múinteoirí i dtaobh pleanáil le torthaí foghlama, chomh maith le tacú le litearthacht na múinteoirí maidir le measúnú sa Chorpoideachas i dtaca le bheith ag tacú le haon fhorbairt churaclaim sa Chorpoideachas.

Beidh múinteoirí tacaíochta ríthábhachtach go háirithe do mhúinteoirí nach raibh taithí acu ar Chorpoideachas a mhúineadh trí mheán na dTorthaí Foghlama – Physical Education Association Ireland (PEAI) aighneacht i scríbhinn

Ba cheart ionchur an mhúinteora a chur chun cinn chomh maith chun cur i bhfeidhm na sonraíochta nua a éascú do mhúinteoirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh pobail chleachtais agus comhráite proifisiúnta cabhrach chun cabhrú le múinteoirí ionchur éifeachtach a bheith acu. D'fhéadfadh sé, ach spásanna sábháilte a chruthú laistigh de na scoileanna chun oideolaíocht (teagasc, foghlaim, measúnú agus curaclam) a phlé, cinntí an mhúinteora i dtaca le hionchur éifeachtach a fheabhsú. – An Roinn Chorpoideachais & Eolaíocht Spóirt Ollscoil Luimnigh aighneacht i scríbhinn

Tá sé ríthábhachtach chomh maith go gcuirfí clár ceart FGL i bhfeidhm sula dtabharfar isteach an tsonraíocht seo leis an gcéad bhliain agus go mbeadh tacaíocht bhreise ann lena mbeadh ar a laghad cúrsa FGL amháin ar an láthair in aghaidh na bliana i gceist i gcaitheamh an chéad 3 bliana den rolladh amach. – Múinteoir Corpoideachais

Chuir múinteoirí díomá mhór in iúl maidir leis an nganntanas samplaí de shaothar scoláirí a bhí i gceist le gearrchúrsa CNCM chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí i dtaobh Measúnú Rangbhunaithe a chur i bhfeidhm.

Tá gá le níos mó acmhainní le haghaidh an ghearrchúrsa. Go háirithe eiseamláir de shaothar MRB le haghaidh múinteoirí atá ag tosú amach ar an ngearrchúrsa seo a mhúineadh. Samplaí a thaispeáint de ghráid dhífriúla agus níos mó treoracha a bhféadfaí iad a thabhairt don scoláire. – Múinteoir Corpoideachais

Agus Clár Corpoideachais nua á fhorbairt, impímid oraibh a chinntiú go bhforbrófaí raon d'acmhainní agus d'eiseamláirí. Cinnteoidh sé seo, in éineacht le forbairt ghairmiúil leanúnach maidir le cleachtais theagaisc, fhoghlama agus mheasúnaithe, go mbeidh méadú ar an muinín a chuireann Múinteoirí Corpoideachais sa chlár. – Physical Education Association Ireland (PEAI) aighneacht i scríbhinn

Rinneadh tagairt don dáileadh ama 135 uair an chloig thar chaitheamh na dtrí bliana go leor babhtá i measc na n-aighneachtaí i scríbhinn agus sna freagraí ar an suirbhé ar líne agus go leor freagróirí ag iarraidh an dáileadh a mhéadú chuig 200 uair an chloig d'am teagaisc ar an gclár ama. Luadh go raibh gá leis an méadú de bharr an tábhacht a bhain leis an ábhar agus ar mhaithe leis an meas céanna a léiriú air agus a léirítear ar na hábhair eile.

Faoi láthair tá 135 uair an chloig san áireamh in eispéireas iomlán Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí mar sin, i bhfírinne, níl aon fhorbairt á déanamh ar sholáthar curaclaim. Dáiltear an t-am ar an gCorpoideachas cheana féin faoi uaireanta an chloig na Folláine. Ba cheart go mbreithneofaí ar fhorbairt a dhéanamh trí Chorpoideachas a aistriú ina ábhar iomlán lena n-aireofaí 200 uair an chloig. – Physical Education Teacher Education Ireland (PETE) aighneacht i scríbhinn

Ba cheart go mbreithneofaí ar fhorbairt a dhéanamh trí Chorpoideachas a aistriú ina ábhar iomlán lena n-aireofaí 200 uair an chloig, toisc go bhfuil sé i measc an chúpla ábhar éigeantach a aithnítear ó Aistear chuig an leibhéal sinsearach mar aon leis an Mhatamaitic, an Béarla agus an Ghaeilge. Cuirtear eispéireas oideachais iomlán an scoláire agus aidhm an ábhair i mbaol agus an Corpoideachas mar ábhar ag gach leibhéal oideachais, seachas sa tSraith Shóisearach. – Physical Education, Physical Activity, and Youth Sport Research Centre (PEPAYS) aighneacht i scríbhinn

An féidir stádas ábhar iomlán a thabhairt don Chorpoideachas sa tSraith Shóisearach más é do thoil é? Cailleadh amach ar an deis seo nuair a rinneadh cinneadh an gearrchúrsa a chur ar fáil mar rogha. Is gá athbhreithniú a dhéanamh air seo agus é a athrú anois. Níl 135 uair an chloig maith go leor! – Múinteoir Corpoideachais

Luaigh freagraí an tábhacht a bhaineann le haistriú ón luathoideachas, bunoidéachas agus dul chun cinn chuig an tSraith Shinsearach. Leagadh béim ar dhul chun cinn rathúil chuig an dá rogha Corpoideachais sa tSraith Shinsearach (Creat na Sraithe Sinsearaí don Chorpoideachas agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta) trí bhonn eolais agus scileanna a chur ar fáil sa tSraith Shóisearach, mar ghné fhiorthábhachtach den bhreithniú ar dhearadh shonraíocht Corpoideachais 135 uair an chloig.

Is tábhachtach nasc a chruthú le Corpoideachas na hArdteistiméireachta chomh maith toisc go mbeidh sé de chumas ag go leor scoileanna é a chur ar fáil. Múinim féin Corpoideachas na hArdteistiméireachta (scoil ó chéim 1, á mhúineadh ó 2018) agus bíodh agus go bhfuil gnéithe áirithe sa gearrchúrsa atá ceangailte leis, braithim nach dtugann sé go leor eolais chun buntús daingean a chur ar fáil do dhaltaí mar a chuirtear ar fáil in ábhair eile sa tSraith Shóisearach. Níl scrúdú á mholadh agam, ach go bhféachfaí

ar shonraíocht Corpoideachais na hArdteistiméireachta nuair a bhíonn gnéithe áirithe á ndearadh don tSraith Shóisearach – Múinteoir Corpoideachais

Leagadh béim ar roinnt ábhair inní do mhúinteoirí in aiseolas ó imeachtaí FGL éagsúla do Chorroideachas na hArdteistiméireachta agus do Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí, gur gá níos mó ábhar a bheith i Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí chun tacú leis an bhfoghlaim agus scoláirí ag dul chun cinn i dtreo Chorroideachas na Sraithe Sinsearaí. Is gá deiseanna agus eispéiris trí Chorroideachas na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt chun cur leis an tsoiléireacht agus leis an tuiscint iomlán don scoláire – Oideoir Múinteoirí

Deiseanna a chur ar fáil do scoláirí a gcuid tuairimí a chur in iúl agus na heispéiris foghlama agus measúnaithe á gceapadh - braithimid nach rud é seo a tharlóidh thar oíche. Nuair a bhraithimid gur féidir linn réimse leathan d'eispéiris foghlama agus cineálacha measúnaithe a chur ar fáil i gcaitheamh na 3 bliana, ní fheicimid tábhacht na sraithe sinsearaí – Múinteoir Corpoideachais

Cuir struchtúr soiléir ar fáil agus leag amach dul chun cinn na foghlama don 1^ú, 2^ú agus 3^ú bliain den tSraith Shóisearach, tá sé seo fíorthábhachtach ach anois ba cheart go mbeadh dul chun cinn soiléir laistigh den tSraith Shóisearach féin agus nasc ón tSraith Shóisearach chuig Corroideachas na Sraithe Shinsearaí chomh maith – Múinteoir Corpoideachais

Aontaíodh go forleathan agus go ginearálta le buntáistí comhtháthaithe na teicneolaíochta sa teagasc agus san fhoghlaim. Tuairiscíodh go raibh féidearthacht ann go gcuirfeadh cuir chuige i leith chomhtháthú na teicneolaíochta, a raibh machnamh déanta orthu, go mór le heispéiris an scoláire. I measc na gcur chuige a moladh, bhí teicneolaíochtaí a thacódh le dul chun cinn an scoláire trí úsáid a bhaint as bogearraí a thacódh le sealbhú scileanna, tacú le machnamh ar an bhfoghlaim, trí phunanna digiteacha. Luadh rochtain scoileanna ar TFC ina ghné ríthábhachtach ar gá í a chur san áireamh.

Braithimid chomh maith gur deis a bheadh ann teicneolaíochtaí digiteacha a shníomh isteach i dteagasc an Chorroideachais. Is cinnte go bhféadfadh sé seo cabhrú le múinteoirí lena measúnuithe agus go gcuirfeadh sé leis an teagasc agus foghlaim a

tharlaíonn sa seomra ranga Corpoideachais – Physical Education Association Ireland (PEAI) aighneacht i scríbhinn.

3. Conclúid

San iomlán, d'eascair go leor aiseolais chabhraigh agus mheasta sa chomhairliúchán ó rannpháirtithe agus ó dhearcthaí difriúla. Caithfear aitheantas a thabhairt do leibhéal rannpháirtíochta na bhfreagróirí agus tá an CNCM an-bhuíoch as an aiseolas ionraic agus macánta a fuarthas. Cuirimid ár mbuíochas ó chroí in iúl do na múinteoirí agus do na ceannairí scoile a d'éascaigh na comhráite fócasghrúpaí le scoláirí in ainneoin na ndeacrachtaí a bhain le himeachtaí dá leithéid a eagrú le linn srianta Covid-19.

D'eascair go leor gnéithe ar gá breithniú a dhéanamh orthu maidir le hathfhorbairt Shonraíocht Chorpoideachais na Sraithe Sóisearaí ó thorthaí an chomhairliúcháin, ar nós:

- an gá atá le hionchais shoiléire a chur ar fáil i dtéarmaí measúnaithe agus tuairiscithe
- an tslí ar féidir leis an tsonraíocht tacú le heispéireas foghlama 3 bliana don Chorpoideachas
- an tslí ar féidir a chinntiú go gcuireann an tsonraíocht an leanúnachas riachtanach ar fáil maidir le heolas agus le scileanna agus é ag cinntiú go gcaomhnaítear sairse an mhúinteora agus na scoile
- socruithe measúnaithe a fhorbairt chun tacú le forbairt iomlánaíoch eolais agus scileanna an scoláire sa Chorpoideachas
- ba cheart go mbeadh forbairt ar spreagadh intreach duine óig agus ar a thiomantas don ghníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil mar thosaíocht sa tsonraíocht nua.
- an tslí ar féidir leis an tsonraíocht díriú ar scileanna luaileacha an duine óig agus a cinntiú, nuair is féidir, go mbíonn an scoláire gníomhach go fisiciúil agus eolas agus scileanna á bhforbairt aige nó aici trí chur i bhfeidhm praiticiúil.

Rinneadh iarracht sa tuairisc seo raon de thuairimí agus dearcthaí éagsúla, a roinneadh le linn an chomhairliúcháin ar an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh athfhorbairt Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí, a chur i láthair. Léiríonn na tuairimí machnamhacha agus tomhaiste agus na moltaí a cuireadh ar fáil an méid luacha a chuireann na

rannpháirtithe a bhí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin leis an gCorpóideachas agus an meas atá acu air.

Aguisín 1

AIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA

Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí - (SSM)

Irish Physical Activity Research Collaboration - (I-PARC)

Physical Education, Physical Activity, and Youth Sport Research Centre – (PEPAYS)

Physical Education Association Ireland – (PEAI)

Physical Education Teacher Education Ireland - (PETE)

Spórt Éireann

Roinn Corpoideachais agus Eolaíochtaí Spórt Ollscoil Luimnigh

Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas, Ollscoil Luimnigh - Corpoideachas